An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste na mBráithre Críostaí
Baile na Manach
Co. Átha Cliath
Uimhir Rolla: 60180R

Dáta na cigireachta: 27 Meán Fómhair 2010

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

TUAIRISC CHIGIREACHT ÁBHAIR

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis cigireacht ábhair i gColáiste na mBráithre Críostaí, Baile na Manach. Leagann sé amach tátail na meastóireachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht thar lá amháin inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an fhoghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúchán scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na meastóireachta don phríomhoide. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus tá freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Ranganna ilchumais mheasctha a bhíonn ann don Ghaeilge sa chéad bhliain i gColáiste na mBráithre Críostaí, Baile na Manach. Roinntear na scoláirí ansin ag deireadh na céadbhliana idir trí rang ardleibhéil agus dhá rang gnáthleibhéil, bunaithe ar thorthaí scrúduithe an tsamhraidh. Trí rang gnáthleibhéal agus dhá rang ardleibhéal atá ann sa tríú bliain i mbliana. Tá bainistíocht na scoile ag tabhairt tacaíochta bhreise don Ghaeilge sa dara agus sa tríú bliain trí tréimhse ranga breise a chruthú sa dá bhliain seo. Sa tslí seo is féidir tacaíocht bhreise a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí acu le foghlaim na teanga. Moltar bainistíocht na scoile as an tacaíocht bhreise seo a chur ar fáil. Tá dhá rang ardleibhéal agus dhá rang gnáthleibhéal ann san Idirbhliain. Leanann an pátrún seo sa chúigiú bliain. Titeann an líon ranganna ardleibhéal go rang amháin sa séú bliain agus bíonn ceithre rang gnáthleibhéal ann. Mar sin tá líon na scoláirí i mbun an ardleibhéil sa Ghaeilge sna scrúduithe stáit, go háirithe scrúdú na hArdteistiméireachta, an-íseal ar fad, ag tógáil comhthéacs na scoile san áireamh. Tuairiscíodh go bhfuil sé i gceist aghaidh a thabhairt ar an gceist seo mar ábhar práinne agus go mbeidh foireann na Gaeilge agus an bhainistíocht scoile ag féachaint ar bhealaí chun líon na scoláirí i mbun an ardleibhéil sa Ghaeilge a ardú go suntasach. Tuairiscíodh freisin go léiríonn an trí rang ardleibhéil sa dara bliain, sa bhliain reatha, go bhfuil tús curtha leis an obair seo. Moltar an bhainistíocht agus foireann na Gaeilge as a dtuiscint atá ina measc go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Cúigear múinteoir atá i mbun mhúineadh na Gaeilge sa scoil faoi láthair. Is céimithe sa Ghaeilge iad go léir le blianta taithí i múineadh an ábhair. Déantar múineadh na mbliainghrúpaí agus na leibhéil a mhalartú idir na múinteoirí go léir, faoi stiúr bhainistíocht na scoile, ag tógaint leanúnachais ó bhliain go bliain san áireamh. Moltar an cur chuige seo toisc go dtugann sé deis do gach múinteoir taithí a fháil ar mhúineadh na leibhéil agus na haoisghrúpaí go léir.

Tá díolúine ón staidéar ar an nGaeilge ag ceathrar is fiche scoláire as an gcúig chéad séasca sé scoláire sa scoil. Deacrachtaí foghlama is cúis le naoi ndíolúine dhéag agus scoláirí a fuair a gcuid bunoideachais thar lear go dtí aois aon bhliain déag is cúis le cúig dhíolúine eile.

Ceithre thréimhse Gaeilge sa tseachtain a bhíonn ann do na ranganna sa tsraith shóisearach, ceithre thréimhse san Idirbhliain agus cúig thréimhse sa chúigiú agus sa séú bliain. Tá an soláthar sa tsraith shinsearach sásúil go maith ach moltar do bhainistíocht na scoile iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le tréimhse amháin sa bhreis a chur ar fáil do cheann amháin ar a laghad de na blianta sa tsraith shóisearach. Chabhródh sé chomh maith leis an aidhm thuasluaite maidir le líon na scoláirí i mbun an ardleibhéil sa Ghaeilge a ardú.

Déantar iarrachtaí áirithe próifíl na Gaeilge a ardú sa scoil agus taithí a thabhairt do na scoláirí ar an nGaeilge mar theanga bheo, trí imeachtaí a eagrú le linn Sheachtain na Gaeilge. Tá Seachtain na Gaeilge á ceiliúradh sa scoil le cúpla bliain anuas, cé gur tuairiscíodh nár éirigh chomh maith leis an bhliain seo caite. Moltar do fhoireann na Gaeilge agus don bhainistíocht féachaint ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le clár imeachtaí agus ócáidí taitneamhacha trí Ghaeilge a eagrú le linn na scoilbhliana go léir. Rinneadh roinnt moltaí i leith na n-imeachtaí a d'fhéadfaí a eagrú le linn na cigireachta agus beidh a gcuid smaointí féin ag foireann na Gaeilge. Tá sé thar a bheith tábhachtach an Ghaeilge a léiriú mar theanga bheo lasmuigh de na gnáthranganna. Treisíonn clár spreagúil traschuraclaim agus eischuraclaim obair na múinteoirí sna seomraí ranga.

Thuairiscigh an príomhoide go bhfuil buiséad bliantúil ann chun áiseanna agus acmhainní a cheannach do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge. Anuas ar sin, tá bealaí eile ann chun teacht ar airgead d'acmhainní breise: iarratais ó mhúinteoirí aonair agus iarratais ón gcomhordaitheoir don Ghaeilge. Moltar go gcuirfí fardal le chéile de na háiseanna ar fad atá ar fáil sa scoil do mhúineadh agus foghlaim na teanga agus go mbeadh sé mar chuid den phlean don Ghaeilge sa scoil. Moltar do na múinteoirí breathnú freisin ar shuíomhanna idirlín na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge: www.cogg.ie agus www.muinteoirgaeilge.ie chun teacht ar áiseanna nua agus ar na foilseacháin is déanaí ar an margadh.

Tuairiscíodh go dtéann líon áirithe scoláirí chun na Gaeltachta gach bliain ar chúrsa Gaeilge ach ní raibh figiúirí cinnte ar fáil ar lá na cigireachta. Moltar do bhainistíocht na scoile na buntáistí a bhaineann le tréimhse a chaitheamh ar cheann de na cursaí Gaeltachta agus Gaeilge a mheabhrú do scoláirí agus dá dtuismitheoirí. Moltar eolas cruinn a chur ar fáil do thuismitheoirí i leith na gcúrsaí Gaeltachta atá ar fáil, na cúrsaí cónaithe agus na cúrsaí atá ar fáil níos giorra don bhaile. Ba cheart tuismitheoirí na scoile a chur ar an eolas chomh maith faoin scéim mharcála nua atá i bhfeidhm don Ghaeilge sna scrúduithe stáit agus an bhéim bhreise ar an nGaeilge labhartha. Tógtar scoláirí na hIdirbhliana ar thuras seachtaine chuig Conamara agus leagtar béim áirithe ar an nGaeilge labhartha le linn na seachtaine sin.

Tá a gcuid seomraí ranga féin ag formhór na múinteoirí Gaeilge. Bhí méid áirithe póstaeir agus ábhair eile bainteach le múineadh na Gaeilge ar fhallaí na seomraí ranga. D'fhéadfaí cur leis seo go suntasach i gcásanna áirithe áfach, agus níos mó ábhar a chur in airde a bhféadfaí úsáid rialta a bhaint as le linn na gceachtanna Gaeilge chun tacú le teagasc agus foghlaim.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Tagann na múinteoirí Gaeilge le chéile mar ghrúpa uair sa téarma agus tuairiscíodh go mbíonn cruinnithe acu níos minicí má bhíonn gá leis. Ainmnítear duine de na múinteoirí Gaeilge mar chomhordaitheoir ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge, ar bhonn uainíochta. Moltar an cur chuige seo toisc go dtugann sé deis do gach múinteoir ról ceannródaíoch a ghlacadh i leith forbairt na pleanála agus cur chun cinn na teanga sa scoil.

Cuireadh plean do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge ar fáil lá na cigireachta. Cuimsíonn an plean aidhmeanna agus cuspóirí múinteoireachta, leagan amach na ranganna, tagairt do mheán teagaisc na ranganna Gaeilge, tagairt d'fhorbairt na scileanna teanga go léir agus d´úsáid modheolaíochtaí éagsúla. Tugtar eolas chomh maith faoi na téacsleabhair a úsáidtear agus déantar tagairt d'úsáid áiseanna agus do mhodhanna measúnaithe. Cuireadh scéimeanna oibre ar fáil freisin do na leibhéil agus do na bliainghrúpaí ar fad. Cuimsíonn na scéimeanna oibre sin cur síos ar na topaicí atá le clúdach chomh maith le gnéithe gramadaí le clúdach agus tagairtí do ghníomhaíochtaí éagsúla ranga. Ba léir gur caitheadh dua agus am leis an bpleanáil don Ghaeilge agus moltar obair na múinteoirí ina leith seo go mór. Ar mhaithe le tógaint ar an obair a rinneadh go dáta ar chúrsaí pleanála, moltar go gcuirfí níos mó eolais isteach sna scéimeanna oibre ar úsáid mhodheolaíochtaí agus áiseanna chun foghlaim na Gaeilge a dhéanamh níos ábharaí agus níos spéisiúla do scoláirí.

Cuireadh plean ar fáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge san Idirbhliain ar lá na cigireachta. Cé go bhfuil cuma spéisiúil spreagúil ar an bplean, moltar go leagfaí clár na hIdirbhliana amach ar bhonn modúil agus go mbeadh cur síos beacht ann faoi cad a bheadh ar siúl ag na scoláirí ó sheachtain go seachtain agus cad iad na straitéisí a bheadh in úsáid chun cúrsaí cumarsáide sa teanga a éascú agus a fhorbairt.

Rinneadh pleanáil chuimsitheach do na ranganna go léir a breathnaíodh. Réitíodh bileoga saothair agus nótaí le scaipeadh ar scoláirí le linn na gceachtanna.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, chumarsáide agus mhúinte ar fheabhas sna ranganna go léir a breathnaíodh. Rinne múinteoirí iarrachtaí maithe gan úsáid a bhaint as an aistriúchán direach ó Ghaeilge go Béarla. Lorgaíodh míniú i nGaeilge shimplí ó scoláirí ar fhocail agus ar fhrasaí éagsúla agus moltar an cur chuige seo. Moltar tiomántas na múinteoirí d'úsáid na sprioctheanga agus a ndílseacht d'aidhmeanna an phlean don Ghaeilge.

Baineadh úsáid as obair bheirte agus obair ghrúpa le linn roinnt ceachtanna a breathnaíodh. Moltar an cur chuige seo go mór toisc go dtugann sé deis do scoláirí an Ghaeilge a labhairt sa rang agus úsáid fheidhmiúil a bhaint as an méid a fhoghlaimíonn siad. Moltar go mbainfí úsáid as straitéisí cumarsáide i ngach rang Gaeilge, áfach. Ba cheart go mbeadh sé de dheis ag gach scoláire an Ghaeilge a labhairt le linn gach rang mar chuid de ghníomhaíochtaí éagsúla agus ní díreach le linn ceisteanna an mhúinteora a fhreagairt. Breathnaíodh cúpla rang ina raibh an bhéim go léir ar scríbhneoireacht. Tá sé tábhachtach na scileanna teanga go léir, idir éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríobh, a fhorbairt agus a chothú le linn na gceachtanna Gaeilge ar fad. Cé gur gá scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt sa rang ó am go chéile, moltar formhór na scríbhneoireachta a fhágáil don obair bhaile.

Baineadh úsáid fhónta éifeachtach as áiseanna éagsúla le linn roinnt de na ceachtanna Gaeilge ina measc cartúin, cairteacha le léarscáileanna cuimhne, scannán, osteilgeoir agus leabhair éagsúla. Moltar úsáid na n-áiseanna seo go mór. Chuir siad go mór le héifeacht na múinteoireachta agus leis an taitneamh a bhain scoláirí as an bhfoghlaim agus as ábhar na gceachtanna. Baineadh úsáid éifeachtach as an gclár bán freisin chun freagraí ar cheisteanna, eochairfhocail agus frásaí nua a léiriú. Moltar go mbainfí úsáid as réimse níos leithne áiseanna le linn na gceachtanna Gaeilge chun ábhar na gceachtanna, an cúrsa litríochta ach go háirithe, a chur i gcomhthéacs comhaimseartha do scoláirí. Cabhraíonn úsáid áiseanna breise ar nós ceoil, scannáin, giotaí as cláracha teilfíse, podchraoltaí, pictiúir, grianghraif agus dvdanna go mór le tuiscint na scoláirí ar

ábhar an cheachta a fheabhsú agus a fhorbairt. Moltar úsáid rialta a bhaint as na meáin chumarsáide Ghaeilge chomh maith.

Bhí na múinteoirí bríomhar agus gníomhach le linn na ranganna Gaeilge. Rinne roinnt múinteoirí an-iarracht ar fad ábhar an cheachta a dhéanamh spéisiúil agus tarraingteach do na scoláirí agus moltar na hiarrachtaí sin go mór. Bhí na múinteoirí foighneach agus tuisceannach le scoláirí nach raibh chomh hinniúil sin ar an nGaeilge. Bhí deacrachtaí ag roinnt scoláirí le briathra na Gaeilge agus na haimsirí éagsúla. Moltar go mbainfí úsáid as cairteacha gramadaí sna ranganna agus ábhar tacaíochta eile. Mar a luadh cheana, má tá a leithéid in airde ar na fallaí sna seomraí ranga, is féidir tagairt rialta a dhéanamh dóibh agus tacaíonn siad le foghlaim na scoláirí.

Breathnaíodh cúpla sampla de dhea-chleachtais mhúinteoireachta i ranganna áirithe ar tugadh cuairt orthu. I gcás amháin, caitheadh go leor ama ag taispeáint do scoláirí conas carachtair agus tréithe carachtair a léiriú trí úsáid éifeachtach na n-aidiachtaí. Léiríodh samplaí oibre ar an gclár bán agus tugadh an-spreagadh do scoláirí, a bhí ag obair i ngrúpaí, tabhairt faoin obair go díograiseach. I gcás eile a breathnaíodh, baineadh úsáid as léarscáileanna intinne chun eolas na scoláirí ar scéal a thástáil. Iarradh ar scoláirí gnéithe den scéal a léiriú ar chairteacha timpeall an tseomra ranga i ngrúpaí. D'éirigh go maith leis an ngíomhaíocht. Bhí na scoláirí go léir ag obair go díograiseaach agus ba léir go raibh an-eolas acu ar an scéal idir lámha. Moltar iarrachtaí na múinteoirí teacht ar bhealaí cruthaitheacha chun ábhar an cheachta a chur i láthair na scoláirí go spéisiúil tarraingteach agus iad a spreagadh chun tabhairt faoin obair ar bhealach gníomhach.

Ceartaíodh botúin ghramadaí agus botúin foghraíochta i gcásanna áirithe a breathnaíodh agus moltar an cur chuige sin. Moltar go ndéanfaí amhlaidh sna ranganna go léir. Is féidir úsáid a bhaint as athrá le cinntiú gur féidir le scoláirí focail agus frasaí nua a fhuaimniú i gceart. Dá mhéid cur amach atá ag scoláirí ar fhoghraíocht na teanga, is ea is mó muiníne a bheidh acu chun í a labhairt.

MEASÚNÚ

Eagraítear scrúduithe inscoile ag an Nollaig agus sa samhradh gach bliain. Eagraíonn roinnt múinteoirí trialacha lártéarma chomh maith. Cuirtear tuairiscí scoile chuig tuismitheoirí i ndiaidh na scrúduithe tí agus cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi thorthaí trialacha eile ag na cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí a eagraítear do gach bliainghrúpa uair sa bhliain.

Thuairiscigh an príomhoide go bhfuil éagsúlacht chleachtais sa scoil i leith scrúduithe béil a eagrú do scoláirí. Moltar go n-aontódh na múinteoirí polasaí comónta maidir le scrúduithe béil a chur ar na blianghrúpaí ar fad agus go mbeadh an polasaí sin léirithe sa phlean do mhúineadh agus foghlaim na teanga. Ba cheart scrúdú béil a chur ar gach scoláire sa scoil ón gcéad bhliain ar aghaidh. Ba cheart torthaí na scrúduithe sin a léiriú mar mhír ann féin sna tuairiscí a chuirtear chuig tuismitheoirí. Sa tslí seo léirítear do scoláirí agus tuismitheoirí araon an tábhacht a bhaineann le labhairt na teanga.

Bhí roinnt mhaith oibre le feiceáil sna cóipleabhair a breathnaíodh. Bhí éagsúlacht chleachtais i bhfeidhm, áfach, maidir le ceartú na hoibre sin. Ceartaíodh cuid de na cóipleabhair go fíorchúramach agus tugadh marc nó grád don obair chomh maith le tagairt do chaighdeán na hoibre agus do dhul chun cinn an scoláire. Moltar go n-aontódh na múinteoirí polasaí comónta i leith cheartú na gcóipleabhar agus go mbeadh an polasaí sin mar chuid den phlean do mhúineadh agus foghlaim na teanga sa scoil.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ / BHUANNA AGUS MOLTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhbhuanna a aithníodh sa mheastóireacht :

- Moltar an tacaíocht bhreise don Ghaeilge a chuirtear ar fáil trí rang-ghrúpa breise a chruthú sa dara agus sa tríú bliain.
- Moltar an méid oibre a rinneadh go dáta ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge.
- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, chaidrimh agus mhúinte ar fheabhas sna ranganna a breathnaíodh.
- Rinne roinnt de na múinteoirí Gaeilge iarrachtaí fónta chun ábhar na gceachtanna a chur i láthair na scoláirí ar bhealach spéisiúil agus spreagúil.
- Breathnaíodh samplaí de dhea-chleachtais mhúinteoireachta agus úsáid réimse maith áiseanna le linn cuid de na ceachtanna Gaeilge.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Moltar go gcuirfí clár taitneamhach spreagúil eischuraclaim agus traschuraclaim le chéile don Ghaeilge chun tacú le hobair na múinteoirí sna ranganna.
- Moltar go leagfaí clár na hIdirbhliana amach ar bhealach níos beaichte le heolas ar cad a dhéanfadh scoláirí ó sheachtain go seachtain.
- Moltar go mbainfí úsáid as réimse níos leithne áiseanna le linn na gceachtanna Gaeilge go léir.
- Moltar go ndéanfaí measúnú ar na scileanna cumarsáide chomh maith leis na scileanna teanga eile, ón gcéad bhliain ar aghaidh.
- Moltar go mbreathnódh an bhainistíocht agus foireann na Gaeilge ar straitéisí éagsúla chun an líon scoláirí i mbun an ardleibhéil sa Ghaeilge sna scrúduithe stáit a ardú.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis an bpríomhoide ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí.

Foilsithe Deireadh Fómhair 2011

Aguisín

Freagra na scoile ar an tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

The Irish Department within the school are undertaking to implement the key recommendations within the report.